# Foirm Iarratais ar Chead Foghlaimeora D201

Iarrtar ort na treoirnótaí a ghabhann leis seo a léamh sula gcomhlánóidh tú an fhoirm seo. **Iarrtar ort an fhoirm seo a chomhlánú i mbloclitreacha agus peann dubh gránbhiorach a úsáid. Iarrtar ort X a chur sna boscaí cuí e.g.** ☒ Iarrtar ort gan an fhoirm seo a fhótachóipeáil mar go bhféadfadh sé go mbainfí den chaighdeán dá bharr agus go gcuirfí moill ar d'iarratas nó go ndiúltófaí dó.

RSA NDLS
National Driver Licence Service
*An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána*

## Cuid 1: Sonraí Pearsanta (Féach ar Chuid 1 de na Treoirnótaí a ghabhann leis seo) *Réimse éigeantach

**1.** An raibh cead foghlaimeora agus/nó ceadúnas tiomána agat in Éirinn riamh?* Tá ☐ Níl ☐

Má bhí, cé acu? ☐ Cead Foghlaimeora ☐ Ceadúnas Tiomána

Uimhir an tiománaí (más eol)*

(Gheobhaidh tú seo ag réimse 5 ar an gcead páipéir nó ag réimse 4d ar gcead plaisteach)

An t-ainm a bheidh ar an gcead. Ní mór aitheantas inghlactha fótagrafach a chur ar fáil a bhfuil an t-ainm sin air.
Féach ar Liosta 1 ar leathanach 4 de na Treoirnótaí a ghabhann leis seo.

**2.** Céadainm(neacha)*

**3.** Sloinne*

**4.** Má tháinig athrú ar do shloinne ó eisíodh do chead is deireanaí, iarrtar ort an fáth leis sin a shonrú

Pósadh/Páirtnéireacht Shibhialta ☐ Gníomhas Aonpháirtí ☐ Úsáid Ainm Gaeilge ☐ Colscaradh/Scaradh ☐

Ainmneacha roimhe seo

**5.** Uimhir PSP* Féach ar Liosta 3 ar leathanach 4 de na Treoirnótaí.

**6.** Inscne* Fireann ☐ Baineann ☐

Ní mór go réiteodh an cruthúnas ar sheoladh a chuirtear ar fáil go díreach leis an seoladh a thugtar thíos. Iarrtar ort féachaint ar Liosta 2 ar leathanach 4 de na Treoirnótaí.

**7.** Seoladh líne 1*

Seoladh líne 2

Baile*

Contae/Cathair* Eirchód Úsáid Oifigiúil ☐

**8.** Dáta breithe*

Iarrtar ort do thír bhreithe a shonrú.

**9.** Áit bhreithe*

**10.** Uimh. fóin phóca* Uimhir bhaile

Seoladh ríomhphoist*

Bainfidh NDLS úsáid as na sonraí sin chun teagmháil a dhéanamh leat i gcás go mbeadh fadhbanna le d'iarratas, le seoladh do cheada agus meabhrúcháin athnuachana amach anseo.

## Cuid 2: Deonú Orgán(Féach ar Chuid 2 de na Treoirnótaí a ghabhann leis seo)

**11.** Cuir X sa bhosca más mian leat go dtaispeánfaí cód 115 ar do chead foghlaimeora le cur in iúl gur mian leat bheith i do dheontóir orgán. ☐

## Cuid 3: Sonraí an Cheada Foghlaimeora (Féach ar Chuid 3 de na Treoirnótaí a ghabhann leis seo)

*Réimse éigeantach

**12 (a).** Cineál an Iarratais:*

Iarratas ar chead foghlaimeora den chéad uair ☐
Féach ar rogha 1 den Seicliosta ar an bhfoirm seo

Cead foghlaimeora a athnuachan ☐
Féach ar rogha 2 den Seicliosta ar an bhfoirm seo

Catagóir a bhaint/a chur leis ☐
Féach ar rogha 3 den Seicliosta ar an bhfoirm seo

Cead foghlaimeora a cailleadh/a goideadh/a ndearnadh damáiste dó a ionadú ☐
Féach ar rogha 4 den Seicliosta ar an bhfoirm seo

Athrú ar shonraí pearsanta ☐
Féach ar rogha 5 den Seicliosta ar an bhfoirm seo

Ceadúnas tiomána agat ach iarratas á dhéanamh ar chead foghlaimeora i gcatagóir dhifriúil ☐
Féach ar rogha 6 den Seicliosta ar an bhfoirm seo

Rud éigin eile (tabhair cúis) ____________________

**12 (b).** Má chaithfidh tú an tástáil tiomána/oiliúint tiománaí a dhéanamh tar éis tréimhse dhícháiliúcháin, iarrtar ort tréimhse an dícháiliúcháin a shonrú

Ó ☐☐☐☐☐☐ Go Dtí ☐☐☐☐☐☐

Sonraí faoi aon choinníoll a bhain leis an dícháiliúchán. ____________________

**13.** *Sonraigh anseo an chatagóir nó na catagóirí ar mian leat iarratas a dhéanamh orthu:
Chun sainmhíniú a fháil ar na catagóirí, féach ar www.ndls.ie

**Grúpa 1 (gluaisteáin, tarracóirí talún agus gluaisrothair)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| AM | ☐ | B | ☐ |
| A1 | ☐ | BE | ☐ |
| A2 | ☐ | W | ☐ |
| A | ☐ | | |

**Grúpa 2 (busanna, trucailí agus feithiclí altacha)**

Ní mór go mbeadh tuairisc liachta ag gabháil leis an iarratas agus í dátaithe laistigh de mhí amháin ón iarratas

| | | | |
|---|---|---|---|
| C | ☐ | D | ☐ |
| CE | ☐ | DE | ☐ |
| C1 | ☐ | D1 | ☐ |
| C1E | ☐ | D1E | ☐ |

**14.** Nuair a gheobhaidh tú an cead foghlaimeora seo, an mbeidh ceadúnas i do sheilbh a eisíodh i dtír eile? Tá ☐ Níl ☐
Má bheidh, iarrtar ort na sonraí a thabhairt thíos:

Tír eisiúna ____________________

Uimh. an. cheadúnais tiomána ____________________

Má tá ceadúnas tiomána iomlán bailí agat i gcatagóir B (gluaisteán) le haghaidh dhá bhliain ar a laghad ó thír nach bhfuil comhaontú um malartú ceadúnais ag Éirinn léi, d'fhéadfadh sé go mbeifeá cáilithe i gcomhair clár laghdaithe EDT. Féach ar leathanach 3 de na Treoirnótaí.

**15.** Má cailleadh nó má goideadh do cheadúnas nó má rinneadh damáiste dó, sínigh an dearbhú thíos agus bíodh duine mar fhinné air agus faigh stampa ann ag stáisiún áitiúil na nGardaí. Tabhair faoi deara: má aimsíonn tú do sheanchead foghlaimeora nó má fhaigheann tú ar ais é tar éis duit iarratas a dhéanamh ar cheann nua, ní bheidh an seanchead foghlaimeora bailí a thuilleadh

Deimhním go bhfuil mo chead foghlaimeora Caillte ☐ Goidte ☐ Damáistithe ☐
(ticeáil mar is cuí)

Síniú an iarratasóra ____________________

Deimhním gur dhearbhaigh an t-iarratasóir gur cailleadh/goideadh//go ndearnadh damáiste dá c(h)ead

Ainm an gharda ____________________

Síniú an gharda ____________________

**DEARBHÚ GARDA**

STAMPA AN STÁISIÚIN GHARDAÍ

## Cuid 4: Folláine an Tiománaí (Féach ar Chuid 4 de na Treoirnótaí a ghabhann leis seo)

Ní mór gach ceist a fhreagairt

**Ní mór duit foirm tuairisce liachta a chur isteach agus í dátaithe laistigh de mhí amháin más amhlaidh; (1) go bhfreagraíonn tú 'Tá' ar cheann ar bith de cheisteanna 17 go 37 nó 38(c), (2) go bhfuil tú ag déanamh iarratais ar cheann ar bith de chatagóirí Ghrúpa 2 (busanna nó trucailí), (3) go bhfuil tú 75 nó níos sine.**

**16.** An gá duit spéaclaí nó lionsaí a chaitheamh don tiomáint? (Más gá, cuirfear Cód 01 le do chead) Is gá Má d'fhreagair tú 'Is gá' ar an gceist seo san am atá thart agus má tá tú ag freagairt 'Ní gá' anois, ní mór duit foirm tuairisce reatha ar radharc na súl a chur ar fáil le d'iarratas. Tá ☐ Níl ☐

**Sláinte agus Folláine An bhfuil ceann ar bith de na riochtaí seo a leanas ort faoi láthair, nó an raibh ceann ar bith díobh ort san am atá thart?**

**17.** Diaibéiteas arna chóireáil le hinslin nó arna bhainistiú le táibléid lena ngabhann baol go spreagfaí hipiglicéime e.g. sulfóiniolúiréanna (Fiafraigh de do dhochtúir an bhfuil tú ag tógáil sulfóiniolúiréanna nó aon chógais eile lena mbaineann baol go spreagfaí hipiglicéime). Ní gá a insint dúinn má tá sé á chóireáil agat le haiste bia amháin nó le cógais nach mbaineann baol go spreagfaí hipiglicéime leo Tá ☐ Níl ☐

**18.** Titimeas Tá ☐ Níl ☐

**19.** Stróc nó TIAanna[1] lena mbaineann aon airíonna gaolmhara a mhaireann níos mó ná aon mhí amháin Tá ☐ Níl ☐

**20.** Taomanna nó fanntaisí Tá ☐ Níl ☐

**21.** Aon chineál obráid inchinne, easpa inchinne nó gortú trom cloiginn lenar bhain cóireáil chónaitheach nó siad inchinne nó gortú nó siad droma Tá ☐ Níl ☐

**22.** Séadaire cairdiach ionphlandaithe Tá ☐ Níl ☐

**23.** Dífhibrileoir cairdiach ionphlandaithe (ICD)[2] Tá ☐ Níl ☐

**24**. Taomanna go mion minic de mheadhrán tobann a fhágann duine faoi mhíchumas Tá ☐ Níl ☐

**25.** Aon deacracht ainsealach néareolaíoch eile amhail scléaróis iolrach, galar néarón luadrach nó galar huntington Tá ☐ Níl ☐

**26.** Fadhb thromchúiseach leis an gcuimhne nó tréimhsí mearbhaill[3] Tá ☐ Níl ☐

**27.** Mí-úsáid sheasta nó spleáchas alcóil Tá ☐ Níl ☐

**28.** Mí-úsáid sheasta nó spleáchas drugaí Tá ☐ Níl ☐

**29.** Tinneas tromchúiseach síciatrach nó fadhbanna meabhairshláinte[3] Tá ☐ Níl ☐

**30.** Galar Parkinson Tá ☐ Níl ☐

**31.** Siondróm Aipnia Codlata Tá ☐ Níl ☐

**32.** Narcailéipse Tá ☐ Níl ☐

**33.** Aon tinneas a bhfuil impleachtaí aige ar d'amharc forimeallach Tá ☐ Níl ☐

**34.** Radharc caillte go hiomlán in aon súil amháin Tá ☐ Níl ☐

**35.** Aon tinneas a mbíonn impleachtaí aige ar an dá shúil, nó ar an tsúil amháin atá fágtha mura bhfuil ach leathshúil agat (gan dathdhaille ná gearr-radharc ná fadradharc san áireamh) Tá ☐ Níl ☐

**36.** Easpa mór éisteachta a d'éirigh níos measa ón uair dheireanach a ndearna tú iarratas/athnuachan Tá ☐ Níl ☐

**37.** Míchumas trom foghlama[3] Tá ☐ Níl ☐

**38.** (a) Aon fhadhbanna seasta leis na lámha nó leis na cosa a chiallaíonn nach bhfuil de chead agat ach feithicil uathoibríoch a thiomáint Tá ☐ Níl ☐

**38.** (b) Aon fhadhbanna seasta leis na lámha nó leis na cosa a chiallaíonn nach bhfuil de chead agat ach feithicil sainoiriúnaithe a thiomáint Tá ☐ Níl ☐

**38.** (c) Má chuir tú tic le 'tá' le haghaidh 38(a) nó 38(b), an bhfuil do riocht i ndiaidh imeacht chun donais ón uair dheireanach a rinne tú iarratas/athnuachan Tá ☐ Níl ☐

1. Is é atá i dtaom iscéimeach neamhbhuan (TIA) ná teagmhas lena ngabhann siomptóim stróic a mhaireann níos lú ná 24 uair an chloig sula n-imíonn siad (uaireanta, tugtar mionstróc air). Cé gur gnách nach ndéanann TIAnna dochar buan don inchinn, comhartha rabhaidh tromchúiseach de stróc iad.
2. Is é atá i nDífhibrileoir Cardaithiontaire In-ionphlandaithe (ICD) ná fearas leictreonach a dhéanann monatóireacht ar do chroí go leanúnach. Bíonn an ICD cláraithe chun rithimí croí a bhrath atá níos tapa nó níos moille ná mar ba cheart.
3. Má tá amhras ort, iarrtar ort comhairle a lorg ó do dhochtúir teaghlaigh.

## Cuid 5: Dearbhú an Iarratasóra (Féach ar Chuid 5 de na Treoirnótaí a ghabhann leis seo)

*Réimse éigeantach

**39. Tuigim :** (i) i gcomhréir le Cuid 22A den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú, nach féidir le duine iarratas a dhéanamh ar chead foghlaimeora ná ar cheadúnas tiomána agus é nó í dícháilithe in Éirinn, san AE/sa LEE nó i stát aitheanta, (ach amháin i gcás dícháiliúchán pointí pionóis in Éirinn) nó i gcás na gcúinsí dá dtagraítear i gceist 12(b) den fhoirm seo agus (ii) gur cion é faoi alt 115 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú, faisnéis bhréagach nó faisnéis mhíthreorach a sholáthar go feasach chun tacú le m'iarratas. Dearbhaím (i) gurb í Éire mo ghnátháit chónaithe, agus (ii) nach bhfuil mé dícháilithe faoi láthair (ach amháin i gcás dícháiliúchán pointí pionóis in Éirinn nó i gcás na gcúinsí dá dtagraítear i gceist 12(b) den fhoirm seo) in Éirinn, san AE/sa LEE nó i stát aitheanta.

**NÍ MÓR DON DUINE A BHFUILTEAR CHUN AN CEAD FOGHLAIMEORA A EISIÚINT CHUIGE/CHUICI AN DEARBHÚ SEO A SHÍNIÚ**

Síniú an iarratasóra ____________ (Iarrtar ort an síniú a choimeád laistigh den bhosca)

Lá ☐☐ Mí ☐☐ Bliain ☐☐☐☐

# Seicliosta Iarratais do Chead Foghlaimeora

Ní mór duit féin iarratas a dhéanamh ar an láthair in aon ionad NDLS ar bith. Is féidir leat coinne a chur in áirithe ag www.ndls.ie

## Do gach iarratas ar chead foghlaimeora, ní mór duit an méid seo a leanas a sholáthar;

- Foirm iarratais chomhlánaithe ar chead foghlaimeora D201 ☐
- Cead foghlaimeora reatha/is deireanaí ☐
- Foirm tuairisce liachta NDLS, (dátaithe laistigh de mhí amháin) más gá (féach ar leathanach 3 de na Treoirnótaí) ☐
- Fianaise ar CPC, más gá (féach ar leathanach 3 de na Treoirnótaí) ☐
- Fianaise ar uimhir PSP (féach ar Liosta 3 ar leathanach 4 de na Treoirnótaí) ☐
- Má tháinig athrú ar do sheoladh ón uair dheireanach ar eisíodh cead foghlaimeora chugat, ní mór duit fianaise ar an seoladh nua a chur ar fáil (féach ar Liosta 2 sna Treoirnótaí, ní mór go mbeadh sí dátaithe laistigh de shé mhí) ☐
- Aitheantas fótagrafach (féach ar Liosta 1 ar leathanach 4 de na Treoirnótaí) ☐
- Fianaise ar ghnátháit chónaithe (féach ar Liosta 4 ar leathanach 4 de na Treoirnótaí) ☐
- Táille ábhartha (féach ar leathanach 3 de na Treoirnótaí) ☐
- Gabhfar do ghrianghraf agus do shíniú san oifig NDLS ☐

**Teastaíonn an fhaisnéis bhreise seo a leanas agus iarratas á dhéanamh ar;**

### Rogha 1 – Cead foghlaimeora céaduaire

- Bunteastas ón tástáil teoirice (dátaithe laistigh de dhá bhliain) ☐
- Foirm tuairisce NDLS ar radharc na súl (Comhlánaithe ina hiomláine) (dátaithe laistigh de mhí amháin) ☐
- Fianaise ar sheoladh, dátaithe laistigh de shé mhí (féach Liosta 2 ar leathanach 4 de na Treoirnótaí) ☐

### Rogha 2 - Cead foghlaimeora a athnuachan

- Má tá iarratas á dhéanamh agat ar an tríú cead foghlaimeora nó ar chead ina dhiaidh sin, ní mór fianaise dhoiciméadach a thugann le fios go bhfuil tástáil tiomána déanta agat (ráiteas ar thoradh na tástála tiomána) nó admháil ar thástáil atá le teacht a chur isteach ☐

### Rogha 3 - Catagóir a chur le do chead foghlaimeora

- Bunteastas pas ón tástáil teoirice, má bhaineann (dátaithe laistigh de dhá bhliain) ☐
- Cead foghlaimeora reatha ☐
- Foirm liachta chomhlánaithe NDLS, má bhaineann (dátaithe laistigh de mhí amháin) ☐

### Rogha 4 - Cead foghlaimeora caillte/goidte nó damáistithe a ionadú

- Foirm chomhlánaithe ar chead foghlaimeora (D201) (agus dearbhú comhlánaithe Garda léi, féach ar cheist 15 ar an bhfoirm iarratais) ☐
- Aitheantas fótagrafach (féach ar Liosta 1 ar leathanach 4 de na Treoirnótaí) ☐

### Rogha 5 - Athrú ar shonraí pearsanta

- Fianaise ar athrú ainm má tá an t-ainm á athrú (féach ar www.ndls.ie nó ar leathanach 1 de na Treoirnótaí) ☐
- Fianaise ar sheoladh nua (dátaithe laistigh de shé mhí) má tá an seoladh á athrú (féach ar Liosta 2 ar leathanach 4 de na Treoirnótaí) ☐
- Foirm tuairisce liachta NDLS comhlánaithe (dátaithe laistigh de mhí amháin) Má tá athrú tagtha ar do chuid sonraí liachta (féach leathanach 3 de na Treoirnótaí) ☐

### Rogha 6 - Ceadúnas tiomána iomlán agat cheana agus iarratas á dhéanamh ar chead foghlaimeora i gcatagóir dhifriúil

- Bunteastas don tástáil teoirice (má bhaineann) (dátaithe laistigh de dhá bhliain) ☐
- Cead foghlaimeora reatha ☐
- Ceadúnas tiomána reatha ☐

**NÍ MÓR DUIT COINNE A CHUR IN ÁIRITHE CHUN FREASTAL AR IONAD NDLS.**
**NÍ MÓR GACH COINNE A CHUR IN ÁIRITHE AR LÍNE AG WWW.NDLS.IE**

**Cosaint Sonraí**

Coimeádfaidh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi rún an fhaisnéis agus na sonraí pearsanta go léir a chuireann tú ar fáil. Tá an fhaisnéis a iarrtar san fhoirm seo riachtanach chun críocha d'iarratas ar chead foghlaimeora/ceadúnas tiomána a phróiseáil. Déanfaidh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre d'iarratas agus/nó a chuid gníomhairí an fhaisnéis a chuirtear ar fáil i d'iarratas a phróiseáil go díreach chun críocha d'iarratas a phróiseáil, ár gcuid dualgas a chomhlíonadh, seirbhísí a sholáthar duit agus ár gcaidreamh leat a bhainistiú.

Féadfaidh an tÚdarás sonraí pearsanta a nochtadh go hinmheánach agus dá chuid gníomhairí, conraitheoirí agus soláthraithe seirbhíse sa mhéid atá riachtanach go réasúnta le haghaidh na gcuspóirí atá sonraithe thuas. Féadfar na sonraí sin a roinnt le heintitis eile ach de réir mar atá ceadaithe ag an dlí amháin. D'fhéadfadh sé go mbeadh sonraí pearsanta faoi réir nochta faoi alt 60 den Acht Airgeadais, 1993 (Uimh. 13 de 1993) arna leasú le halt 86 den Acht Airgeadais, 1994 (Uimh.13 de 1994) agus rialacháin arna ndéanamh faoi sin. D'fhéadfaí sonraí Aitheantais Seirbhíse Poiblí a chuireann tú ar fáil a úsáid chun d'Aitheantas Seirbhíse Poiblí a choimeád/a fhíorú, faoi alt 262(5) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh - 2005 (arna leasú). Ní fhéadfaí sonraí Aitheantais Seirbhíse Poiblí a roinnt ach le comhlachtaí poiblí eile faoin bhforáil sin.

Déanfaidh an tÚdarás do chuid sonraí a phróiseáil i gcomhréir lena chuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus faoi Rialachán (AE) 2016/679, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Áirítear leis sin gach céim is réasúnta a ghlacadh (lena n-áirítear bearta cuí um shlándáil theicniúil agus eagraíochtúil) chun Sonraí Pearsanta a chosaint. Féadfar leagan leictreonach den fhaisnéis go léir san iarratas seo a choimeád go ceann 20 bliain ar a laghad

Tá na cearta seo a leanas agat, ar chúinsí áirithe agus faoi réir srianta áirithe, maidir le do chuid sonraí pearsanta: An ceart rochtain a fháil ar do chuid sonraí pearsanta; An ceart chun iarraidh go gceartófaí agus/nó go scriosfaí do chuid sonraí pearsanta; An ceart chun srian a chur le húsáid do chuid sonraí pearsanta; An ceart chun cur i gcoinne phróiseáil do chuid sonraí pearsanta; An ceart go ligfí i ndearmad thú ar chúinsí áirithe; agus an ceart chun do chuid sonraí pearsanta, atá curtha ar fáil agat dúinn, a fháil i bhformáid struchtúrtha, formáid a úsáidtear go coitianta agus atá inléite ag meaisín nó chun a cheangal orainn na sonraí sin a aistriú go rialtóir eile.

Más mian leat leas a bhaint as ceann ar bith de na cearta sin, iarrtar ort teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach um Chosaint Sonraí, san Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo F26 V6E4 nó trí ríomhphost chuig dataprotection@rsa.ie. Pléifear le d'iarratas gan an iomarca moille agus i gcás ar bith laistigh d'aon mhí amháin ón iarratas a fháil.

# Treoirnótaí ar d’Fhoirm Iarratais ar Chead Foghlaimeora a Chomhlánú

NDLS
National Driver Licence Service
*An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána*

**Iarrtar ort na nótaí a léamh go cúramach SULA gcomhlánóidh tú an Fhoirm Iarratais**

## DÉAN IARRATAS AR LÍNE

Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar do chead foghlaimeora agus é a athnuachan go tapa agus go héasca anois ar líne ag www.ndls.ie
Ní bheidh uait ach do Chárta Seirbhísí Poiblí agus do MyGovID dearbhaithe chun rochtain shlán shábháilte a fháil ar iarratas ar líne.

- **An bhfuil MyGovID dearbhaithe agat cheana? Déan iarratas nó athnuachan ar do chead foghlaimeora anois ag www.ndls.ie**
- **An bhfuil Cárta Seirbhísí Poiblí agat cheana? Tá tú beagnach réidh. Níl ag teastáil uait ach MyGovID dearbhaithe, ar féidir leat é a shocrú anois ag www.mygovid.ie**

Nach bhfuil Cárta Seirbhísí Poiblí agat go fóill? Beidh Cárta Seirbhísí Poiblí uait chun MyGovID dearbhaithe a fháil.
Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar do Chárta Seirbhísí Poiblí anois ag www.mywelfare.ie

**Is é NDLS AR LÍNE an bealach is tapa le hiarratas a dhéanamh ar do chead foghlaimeora nó é a athnuachan**

## Iarratas a dhéanamh in Ionad NDLS

- Ní mór do gach custaiméir a dhéanfaidh iarratas in ionad de chuid na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána a bheith i láthair iad féin chun go ndéanfaí a ngrianghraf agus a síniú a ghabháil agus a n-aitheantas a dhearbhú.
- Ní mór do gach custaiméir coinne a chur in áirithe ar líne ag www.ndls.ie chun freastal ar ionad NDLS
- Ní mór do gach duine a bhfuil ceadúnas/cead Éireannach acu cheana teacht i láthair leis an gceadúnas tiomána/an cead foghlaimeora is deireanaí atá acu agus le fianaise ar a n-uimhir PSP.
- Beidh ar gach custaiméir cáipéisí a chur ar fáil chun a n-aitheantas a dhearbhú. Ní mór do chustaiméirí na ceithre riachtanas seo a leanas a chomhlíonadh:

**1. Aitheantas fótagrafach, 2. Fianaise ar sheoladh, 3. Fianaise ar uimhir PSP, agus 4. Fianaise ar ghnáthháit chónaithe.**

**Tabhair faoi deara go gcomhlíonfaidh an Cárta Seirbhísí Poiblí na ceithre riachtanas in go leor cásanna.**

## An Próiseas Iarratais

**IARRATAS AR LÍNE** →



Cárta Seirbhísí Poiblí

→ MyGovid = Cliceáil ar do bhrabhsálaí idirlín

www.NDLS.ie

Chun iarratas a dhéanamh ar líne

**IARRATAS IN IONAD NDLS** →


Ní mór coinne a chur in áirithe roimh ré ag www.NDLS.ie

→




→

- Aitheantas fótagrafach
- Fianaise ar UPSP
- Fianaise ar sheoladh
- Fianaise ar áit chónaithe

=



## Cuid 1: Sonraí Pearsanta

### Céadainm agus Sloinne

Ní mór go réiteodh do chéadainm agus do shloinne go díreach leis an aitheantas fótagrafach (Féach ar Liosta 1 ar leathanach 4) a chuirtear ar fáil.

Má tháinig athrú ar do shloinne ón uair dheireanach ar eisíodh cead foghlaimeora nó ceadúnas tiomána chugat, ní mór duit an chúis leis sin a shonrú agus cáipéisí tacaíochta a chur ar fáil (e.g. teastas pósta, deimhniú ar cholscaradh/scaradh, gníomhas aonpháirtí cláraithe leis an Ard-Chúirt). Teastaíonn na buncháipéisí.

### Seoladh/Gnátháit Chónaithe

Ba cheart an áit a bhfuil gnáthchónaí ort a shonrú mar sheoladh; i gcás mic léinn, is gnách gurb é an teach teaghlaigh a bhíonn i gceist. Ní mór go réiteodh an t-ainm agus an seoladh ar an bhfoirm iarratais go díreach leis an bhfianaise ar sheoladh a chuirtear ar fáil agus ní mór go mbeadh an fhianaise sin dátaithe laistigh de na sé mhí seo caite (Féach ar Liosta 2 ar leathanach 4). Ní ghlactar le seoltaí cóiríochta do mhic léinn, seoltaí gnó ná seoltaí "faoi chúram". Maidir le cód postcheantair Bhaile Átha Cliath, iarrtar ort iad sin a chur sa réimse "Contae/Cathair".

Chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas tiomána nó ar chead foghlaimeora, ní mór go mbeifeá i dteideal cónaithe anseo agus ní mór gnáthchónaí a bheith ort in Éirinn. Ciallaíonn sé sin go mbíonn tú i do chónaí anseo le haghaidh 185 lá ar a laghad i ngach bliain féilire mar gheall ar cheangail oibre nó phearsanta. Má tá tú i mbun staidéir nó oibre thar lear, d'fhéadfadh sé go measfaí fós go bhfuil gnáthchónaí ort in Éirinn ar an gcoinníoll go bhfilleann tú uirthi go rialta.

Féach ar Liosta 4 ar leathanach 4 don liosta iomlán cáipéisí ar féidir glacadh leo mar fhianaise ar ghnátháit chónaithe.

### Uimhir PSP

Ní mór **Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí** a thabhairt agus fianaise a chur ar fáil (Féach ar Liosta 3 ar leathanach 4). Mura bhfuil uimhir PSP agat, iarrtar ort teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ar 1890 927 999 nó cuairt a thabhairt ar www.mywelfare.ie

I gcás go bhfuil iarratas curtha faoi bhráid na Seirbhíse Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána (NDLS) ag an gcustaiméir agus gur eisíodh cead foghlaimeora chuige/chuici ón 29 Deireadh Fómhair 2013 ar aghaidh, ní gá fianaise ar uimhir PSP a thabhairt arís ach amháin má tá sí athraithe, ansin ní mór fianaise a chur ar fáil.

### Áit Bhreithe

Iarrtar ort an tír inar rugadh tú a shonrú.

## Cuid 2: Deonú Orgán

Más mian leat bheith i do dheontóir orgán, priontálfar Cód 115 ar do chead. Leis an gCód sin, cuirfear gairmithe leighis ar an eolas faoi do rún. I gcomhréir leis an seasamh dlí reatha, áfach, rachfar i gcomhairle le do neasghaol i gcás go mbeadh aon chinneadh le glacadh.

## Cuid 3: Sonraí an Cheada Foghlaimeora

Eisítear cead foghlaimeora chun críocha an tiomáint a fhoghlaim. Má tá iarratas á dhéanamh agat ar chead foghlaimeora céaduaire i gcatagóir nua ceadúnais, ní mór duit pas a bhaint amach i dtástáil teoirice tiománaí sa chatagóir ábhartha sula bhfaighidh tú cead foghlaimeora. Má tá do chead foghlaimeora reatha imithe in éag le cúig bliana nó níos mó, meastar gur iarratasóir céaduaire tú ar chead foghlaimeora, agus ní mór duit tabhairt faoin tástáil teoirice arís. Le haghaidh níos mó sonraí, téigh go www.theorytest.ie

### Cineál an Iarratais

Roghnaigh cineál an iarratais de réir mar is cuí. Féach ar an Seicliosta don chead foghlaimeora ar leathanach 4 den fhoirm iarratais maidir leis na cáipéisí nach mór bheith in éineacht le gach iarratas.

### Catagóirí Ceadúnais

Tabhair cuairt ar www.ndls.ie le haghaidh liosta na gcatagóirí agus cur síos orthu.

### Cead a cailleadh/a goideadh/dá ndearnadh damáiste

Má cailleadh/goideadh do chead foghlaimeora reatha nó is déanaí a eisíodh, nó má rinneadh damáiste dó, ní mór duit an dearbhú garda a chomhlánú agus stampa a fháil air ag stáisiún áitiúil na nGardaí.

| Cead Tiomána | Ar feadh tréimhse Cead | Fianaise maidir le Comhaireamh Tástáil a bhíonn ag teastáil |
|---|---|---|
| Céad nó Dara Cead Foghlaimeora | 2 bhliain | Ní hea |
| Tríú nó ina dhiaidh sin le tástáil Chead Foghlaimeora | 2 bhliain | Ní mór duit fianaise a thaispeáint go ndearna tú agus gur theip ort sa 2 bhliain roimhe |
| Tríú nó ina dhiaidh sin Chead Foghlaimeora | 1 bhliain | Ní mór duit fianaise a thaispeáint iarratas a chur isteach ar dáta tástála a bheith agat |

Ní mór duit fanacht go dtí go mbeidh do cheadúnas laistigh de thrí mhí ón dáta éaga sular féidir leat iarratas a dhéanamh ar athnuachan.

## Cuid 4: Folláine an Tiománaí

**Beidh Foirm Tuairisce ar Radharc na Súl ag teastáil sna cásanna seo a leanas:**

- Do gach iarratas céaduaire ar chead foghlaimeora
- Má chaiteá spéaclaí/lionsaí don tiomáint roimhe seo ach ní gá é a dhéanamh níos mó.

**Ní gá Foirm Tuairisce ar Radharc na Súl a chur ar fáil sna cásanna seo a leanas:**

- Cuirtear tuairisc liachta ar fáil, ach amháin má shonraíonn do dhochtúir a mhalairt.

Is féidir foirm tuairisce liachta agus foirm tuairisce ar radharc na súl a íoslódáil ó www.ndls.ie

## Cuid 4: Folláine an Tiománaí ar lean

Ní mór go gcomhlíonfadh tiománaithe caighdeán áirithe dea-shláinte chun tiomáint go sábháilte. Má mholann do dhochtúir duit éirí as an tiomáint, is cion é leanúint ar aghaidh ag tiomáint ansin agus bíonn impleachtaí aige ar do chumhdach árachais freisin.

**Ní mór Foirm Tuairisce Liachta a chur isteach sna cásanna seo a leanas:**

- Má fhreagraíonn tú 'tá' ar cheann ar bith de cheisteanna 17 go 37 nó ar 38(c) ar shláinte agus ar fholláine
- Má tá tú ag déanamh iarratas ar cheann ar bith de na catagóirí i nGrúpa 2 (bus agus trucail) ach amháin má tá ceann curtha isteach cheana féin a chlúdaíonn tréimhse iomlán an cheada nó an cheadúnais agus a chlúdaíonn na catagóirí i nGrúpa 2
- Má tá tú níos sine ná 75 bliain d'aois (nó má rachaidh do chead reatha in éag an lá roimh do 75ú lá breithe)

Ní mór go mbeadh an fhoirm tuairisce liachta agus an fhoirm tuairisce ar radharc na súl dátaithe laistigh de mhí amháin ó dháta an iarratais agus is féidir iad a íoslódáil ó www.ndls.ie. Má tá ort foirm tuairisce liachta a chur isteach, ní mór go mbeadh sí comhlánaithe ag dochtúir a bhfuil a (h)ainm ar Chlár Ginearálta na Liachleachtóirí Ginearálta in Éirinn. Le haghaidh níos mó faisnéise ar chaighdeáin leighis, féach ar na treoirlínte um fholláine leighis don tiomáint, 'Sláinte agus Tiomáint', ar www.ndls.ie

## Cuid 5: Dearbhú an Iarratasóra

Má shíníonn tú an dearbhú seo, dearbhaíonn tú go bhfuil an fhaisnéis go léir atá tugtha fíor agus cruinn. Is cion é faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre faisnéis bhréagach a thabhairt agus gearrtar pionóis as.

## Faisnéis Ghinearálta

**Eolas tábhachtach nuair a eisítear cead foghlaimeora duit agus nuair is mian leat tástáil tiomána a dhéanamh**

Má bhronntar cead foghlaimeora ort d'fheithiclí i gcatagóirí ceadúnais B, A, A2, A1, AM agus W, agus mura raibh cead foghlaimeora agat sna cúig bliana roimhe sin, ní mór duit fanacht ar feadh sé mhí ar a laghad sula mbeidh tú in ann tabhairt faoi thástáil tiomána. Ní mór dóibh siúd a bhfuil cead foghlaimeora acu den chéad uair Oiliúint Riachtanach Tiománaithe (EDT) nó Bunoiliúint Tosaigh (IBT) a dhéanamh sula ndéanfaidh siad an tástáil tiomána.

**Táillí agus Íocaíocht**

| Táillí an Cheada Foghlaimeora | |
|---|---|
| Cead foghlaimeora nua agus athnuachan | €35 |
| Cead foghlaimeora ionaid nó cóip de chead | €35 |
| Catagóir nua a chur le cead foghlaimeora reatha | €35 |
| Cead foghlaimeora do dhaoine níos sine ná 70 bliain | Saor |
| Cead foghlaimeora bliana(cúiseanna leighis) | Saor |

Ní féidir le NDLS glacadh ach leis na modhanna íocaíochta seo a leanas in éineacht le d'iarratas: cárta dochair/cárta creidmheasa/Google Pay/Apple Pay.

Ní ghlacfaidh NDLS ach le haon íocaíocht amháin do gach iarratas – ní ghlacfar le híocaíocht shingil as iarratais iolracha.

Déanfaidh NDLS íocaíochtaí a dhéantar le cárta dochair agus cárta creidmheasa a phróiseáil i gcomhréir le rialacha Thionscal na gCártaí Íocaíochta (TCI). Más mian leat íocaíocht a dhéanamh le cárta dochair nó cárta creidmheasa le tríú páirtí a úsáid, ní mór go mbeadh an tríú páirtí i láthair chun íocaíocht a dhéanamh.

**Oiliúint Riachtanach Tiománaithe (EDT)**

Cúrsa éigeantach oiliúna do thiománaithe gluaisteáin atá i gceist le hoiliúint riachtanach tiománaithe (EDT). Is éard atá i gceist le EDT ná cúrsa de 12 cheacht a mhaireann uair an chloig agus a dhéantar le teagascóir faofa tiomána (ADI) a dhéanfaidh taifead ar do dhul chun cinn i logleabhar a eisítear go speisialta. Ní mór do gach duine a bhfuil cead foghlaimeora acu den chéad uair (nó dóibh siúd nach raibh cead foghlaimeora acu le níos mó ná cúig bliana) EDT a dhéanamh sula ndéanfaidh siad an tástáil tiomána. Maidir le sealbhóirí ceada foghlaimeora a bhfuil ceadúnas tiomána iomlán acu i gcatagóir B (gluaisteán) le haghaidh dhá bhliain ar a laghad ó thír nach bhfuil comhaontú um malartú ceadúnas aici le hÉirinn, d'fhéadfadh sé go mbeidís incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chlár EDT níos giorra. Le haghaidh mionsonraí maidir le EDT, féach ar www.rsa.ie

**Bunoiliúint Tosaigh (IBT) do Ghluaisrothaithe**

Cúrsa éigeantach oiliúna atá i mBunoiliúint Tosaigh (IBT) a mhúineann bunscileanna rothaíochta do ghluaisrothaithe atá i mbun foghlama. Beidh ort cúrsa oiliúna IBT don ghluaisrothar a dhéanamh sula mbeidh cead agat do rothar a thógáil ar an mbóthar gan mhaoirseacht. Ní féidir leat an cúrsa IBT a dhéanamh ach le hoiliúnóir atá faofa. Ní mór do gach sealbhóir chead foghlaimeora chatagóir A IBT a chur i gcrích sula dtiomáinfidh siad ar an mbóthar, ach amháin iad siúd ar eisíodh cead foghlaimeora chatagóir A chucu roimh Shamhain 1999 agus a bhfuil an teidlíocht sin acu fós. Le haghaidh tuilleadh mionsonraí maidir le IBT, iarrtar ort féachaint ar www.rsa.ie

**Deimhniú Inniúlachta Gairmiúla (CPC) – trucailí agus busanna**

Braitheann an íosaois chun cead foghlaimeora a fháil i gcatagóirí C, CE, D agus DE ar cibé acu a dhéanann tú an tástáil CPC don chatagóir sin ceadúnais. Is féidir tábla de chatagóirí lena n-áirítear cur síos, íosaois agus coinníollacha eile a fháil ar www.ndls.ie. Má tá tú ag tabhairt CPC, beidh ort tástáil teoirice CPC a dhéanamh agus nuair a bheidh do thástáil tiomána á déanamh agat, beidh céim speisialta CPC ag gabháil leis an tástáil.

Le haghaidh tuilleadh mionsonraí maidir le CPC, téigh go www.rsa.ie

## Fianaise Dhoiciméadach

**Ag brath ar do chuid cúinsí féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le fianaise bhreise dhoiciméadach a chur i láthair.**



**I bhformhór na gcásanna, is leor Cárta Seirbhísí Poiblí (CSP) chun na cáipéisí aitheantais phearsanta a bhíonn ag teastáil a chlúdach.**

**Mura bhfuil CSP agat, ní mór duit fianaise dhoiciméadach a chur i láthair chun gach riachtanas ó Liosta 1 - 4 thíos a chomhlíonadh.**

### Liosta 1: Aitheantas fótagrafach

- Cárta Seirbhísí Poiblí
- Pas/cárta pas Éireannach (ceann reatha nó ceann nach bhfuil imithe in éag le níos mó ná 12 mhí)
- Do cheadúnas tiomána nó do chead foghlaimeora Éireannach is deireanaí
- Pas reatha dóibh siúd nach saoránach de chuid na hÉireann iad (bailí lena úsáid go hidirnáisiúnta)
- Cárta aitheantais náisiúnta reatha do shaoránaigh an AE/an LEE/na hEilvéise
- Teastas Éireannach Eadóirseachta
- Ceadúnas fótagrafach reatha tiomána ón Ríocht Aontaithe
- Doiciméad reatha Éireannach le haghaidh taistil

### Liosta 2: Fianaise ar sheoladh (dátaithe laistigh de shé mhí)

- Cárta Seirbhísí Poiblí
- Bille fóntais - Ní ghlactar le billí fóin phóca
- Ráiteas nó comhfhreagras eile ó bhanc/cumann foirgníochta/ comhar creidmheasa, lena n-áirítear ráitis leictreonacha
- Litir ó Roinn Rialtais nó ó Ghníomhaireacht Stáit
- Comhfhreagras ar pháipéar ceannteidil ó chomhlacht oideachais nó oiliúna e.g. meánscoil; ollscoil; institiúid teicneolaíochta nó coláiste
- Comhfhreagras ó chomhlacht árachais maidir le polasaí gníomhach árachais sláinte/saoil/tí/chairr

### Liosta 3: Fianaise ar uimhir PSP

- Cárta Seirbhísí Poiblí/Cárta Seirbhísí Sóisialta
- Comhfhreagras ó na Coimisinéirí Ioncaim/ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus uimhir PSP ar taispeáint air
- P21/Measúnú Cánach/Fógra faoi Chreidmheasanna Cánach
- Admháil um íocaíocht leasa shóisialaigh a thaispeánann uimhir iomlán PSP air
- Cárta liachta/cárta don Scéim Íocaíochta Drugaí (DPS)/cárta Eorpach um Árachas Sláinte
- Duillín pá nó P60/P45

### Liosta 4: Fianaise ar ghnátháit chónaithe

- Cárta Seirbhísí Poiblí - i gcás go bhfuil an áit bhreithe nó náisiúntachta laistigh den AE/LEE/Eilvéis/RA
- Teastas breithe (foirm fhada) nó teastas uchtála ó Éirinn/ón Ríocht Aontaithe
- Ceadúnas tiomána/cead foghlaimeora ar a dtaispeántar i réimse 3 go bhfuil an áit bhreithe laistigh den AE/LEE/Eilvéis/RA
- Deimhniú ar thaifead i gClár na mBreitheanna Coigríche
- Pas/cárta pas Éireannach (ceann reatha nó ceann nach bhfuil imithe in éag le níos mó ná 12 mhí)
- Pas reatha do gach saoránach de chuid an AE/an LEE/na hEilvéise/RA (bailí go hidirnáisiúnta)
- Cárta aitheantais náisiúnta reatha do shaoránaigh an AE/an LEE/na hEilvéise
- Teastas Éireannach eadóirseachta
- Cead cónaithe Éireannach reatha (IRP), teastas cláraithe (cárta Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce/GNIB) nó cead cónaithe Éireannach sealadach (TRC) dóibh siúd nach saoránaigh de chuid an AE/an LEE/na hEilvéise/na RA iad (Ní mór na cártaí IRP, GNIB agus TRC a chur i láthair in éineacht le pas atá bailí lena úsáid go hidirnáisiúnta nó in éineacht le Cárta Seirbhísí Poiblí).

## Le haghaidh liosta d'ionaid agus de shuíomhanna NDLS, téigh chuig www.ndls.ie

RSA MyRoadSafety.ie

D'acmhainn ar líne chun do chuid sonraí tiománaí go léir a láimhseáil go héasca agus go sábháilte, idir sheirbhísí, scrúduithe, cheadanna agus cheadúnais.